2023/2264

9.11.2023

**CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 115/2023**

**an 28 Aibreán 2023**

**lena leasaítear Iarscríbhinn XIII (Iompar) a ghabhann le Comhaontú LEE [2023/2264]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/897 ón gCoimisiún an 12 Márta 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 a mhéid a bhaineann le fíorú comhlíontachta rioscabhunaithe a áireamh in Iarscríbhinn I agus cur chun feidhme na gceanglas maidir le cosaint an chomhshaoil ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/945 ón gCoimisiún an 12 Márta 2019 maidir le córais aerárthaí gan foireann agus maidir le hoibreoirí tríú tír de chórais aerárthaí gan foireann ([2]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(3) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/570 ón gCoimisiún an 28 Eanáir 2020 lena leasaítear agus lena gceartaítear Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 a mhéid a bhaineann le hailíniú rialacha maidir le haeracmhainneacht leanúnach na n-aerárthach agus táirgí, páirteanna agus fearais aerloingseoireachta le Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 ([3]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(4) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/723 ón gCoimisiún an 4 Márta 2020 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le deimhniú píolótaí tríú tír a ghlacadh agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011 ([4]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(5) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1058 ón gCoimisiún an 27 Aibreán 2020 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/945 a mhéid a bhaineann le dhá aicme nua de chórais aerárthaí gan foireann a thabhairt isteach ([5]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(6) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1234 ón gCoimisiún an 9 Meitheamh 2020 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 139/2014 a mhéid a bhaineann leis na coinníollacha agus na nósanna imeachta maidir leis an dearbhú ó eagraíochtaí atá freagrach as seirbhísí bainistíochta naprúin a sholáthar ([6]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(7) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1974 ón gCoimisiún an 14 Nollaig 2018 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le foirne eitlíochta sibhialta de bhun Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(8) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1975 ón gCoimisiún an 14 Nollaig 2018 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 a mhéid a bhaineann le ceanglais maidir le oibríochtaí aeir le haghaidh seoleitleán agus málaí eitilte leictreonacha ([8]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

([1]) IO L 144, 3.6.2019, lch. 1.
([2]) IO L 152, 11.6.2019, lch. 1.
([3]) IO L 132, 27.4.2020, lch. 1.
([4]) IO L 170, 2.6.2020, lch. 1.
([5]) IO L 232, 20.7.2020, lch. 1.
([6]) IO L 282, 31.8.2020, lch. 1.
([7]) IO L 326, 20.12.2018, lch. 1.
([8]) IO L 326, 20.12.2018, lch. 53.

(9) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1976 ón gCoimisiún an 14 Nollaig 2018 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe le haghaidh oibriú seoleitleán de bhun Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([9]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(10) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/27 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2018 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le foirne eitlíochta sibhialta de bhun Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([10]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(11) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/133 ón gCoimisiún an 28 Eanáir 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/640 a mhéid a bhaineann le sonraíochtaí aeracmhainneachta breise nua a thabhairt isteach ([11]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(12) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/430 ón gCoimisiún an 18 Márta 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011 a mhéid a bhaineann le feidhmiú pribhléidí teoranta gan mhaoirseacht sula n-eisítear ceadúnas píolóta le haghaidh aerárthaí éadroma ([12]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(13) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/947 ón gCoimisiún an 24 Bealtaine 2019 maidir leis na rialacha agus na nósanna imeachta le haghaidh oibriú aerárthaí gan foireann ([13]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(14) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1170 ón gCoimisiún an 8 Iúil 2019 lena leasaítear agus lena gceartaítear Rialachán (CE) Uimh. 29/2009 lena leagtar síos ceanglais maidir le seirbhísí nasctha sonraí le haghaidh an aerspáis Eorpaigh aonair ([14]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(15) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1383 ón gCoimisiún an 8 Iúil 2019 lena leasaítear agus lena gceartaítear Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 a mhéid a bhaineann le córais bainistíochta sábháilteachta in eagraíochtaí um bainistiú aeracmhainneachta leanúnaí agus maoluithe le haghaidh aerárthaí ginearálta eitlíochta a bhaineann le cothabháil agus bainistiú aeracmhainneachta leanúnaí ([15]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(16) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1384 ón gCoimisiún an 24 Iúil 2019 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 965/2012 agus (AE) Uimh. 1321/2014 a mhéid a bhaineann le húsáid aerárthaí a liostaítear ar dheimhniú aeroibreora le haghaidh oibríochtaí neamhthráchtála agus oibríochtaí speisialaithe, le ceanglais oibríochtúla a bhunú maidir le heitiltí trialacha cothabhála a dhéanamh, le rialacha a bhunú maidir le hoibríochtaí neamhthráchtála le foireann cábáin laghdaithe ar bord agus le nuashonruithe a thabhairt isteach maidir le ceanglais oibríochtaí aeir ([16]), arna cheartú le IO L 230, 6.9.2019, lch. 10, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(17) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1387 ón gCoimisiún an 1 Lúnasa 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 a mhéid a bhaineann leis na ceanglais i dtaca le ríomhanna maidir le tuirlingt eitleáin a dhéanamh agus leis na caighdeáin i dtaca le staid dhromchla an rúidbhealaigh a mheas, agus le nuashonrú a dhéanamh ar threalamh sábháilteachta, ar cheanglais agus ar oibríochtaí áirithe gan formheas ETOPS (Caighdeáin Feidhmíochta Oibríochta i gcás Eitleán Dé-inneallach le Réimse Leathnaithe) ina leith ([17]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(18) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1747 ón gCoimisiún an 15 Deireadh Fómhair 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011 a mhéid a bhaineann le ceanglais maidir le ceadúnais agus deimhnithe áirithe le haghaidh foirne eitilte, agus le rialacha maidir le heagraíochtaí oiliúna agus údaráis inniúla ([18]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

([9]) IO L 326, 20.12.2018, lch. 64.
([10]) IO L 8, 10.1.2019, lch. 1.
([11]) IO L 25, 29.1.2019, lch. 14.
([12]) IO L 75, 19.3.2019, lch. 66.
([13]) IO L 152, 11.6.2019, lch. 45.
([14]) IO L 183, 9.7.2019, lch. 6.
([15]) IO L 228, 4.9.2019, lch. 1.
([16]) IO L 228, 4.9.2019, lch. 106.
([17]) IO L 229, 5.9.2019, lch. 1.
([18]) IO L 268, 22.10.2019, lch. 23.

(19) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2153 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2019 maidir leis na táillí agus na muirir a thoibhíonn Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 319/2014 ([19]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(20) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/208 ón gCoimisiún an 14 Feabhra 2020 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 29/2009 lena leagtar síos ceanglais maidir le seirbhísí nasctha sonraí le haghaidh an aerspáis Eorpaigh aonair ([20]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(21) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/270 ón gCoimisiún an 25 Feabhra 2020 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 a mhéid a bhaineann le bearta idirthréimhseacha le haghaidh eagraíochtaí a bhfuil baint acu le haeracmhainneacht leanúnach i gcás eitlíocht ghinearálta agus bainistiú aeracmhainneacht leanúnaí agus lena gceartaítear an Rialachán sin ([21]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(22) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/357 ón gCoimisiún an 4 Márta 2020 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2018/395 a mhéid a bhaineann le ceadúnais do phíolótaí balúin ([22]), tá le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(23) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/358 ón gCoimisiún an 4 Márta 2020 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2018/1976 a mhéid a bhaineann le ceadúnais phíolótaí seoleitleán ([23]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(24) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/359 ón gCoimisiún an 4 Márta 2020 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le foirne eitlíochta sibhialta de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([24]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(25) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/639 ón gCoimisiún an 12 Bealtaine 2020 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/947 a mhéid a bhaineann le cásanna caighdeánacha maidir le hoibríochtaí a dhéantar laistigh d'amharclíne súl nó lasmuigh di ([25]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(26) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/746 ón gCoimisiún an 4 Meitheamh 2020 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/947 a mhéid a bhaineann le dátaí cur i bhfeidhm beart áirithe a chur siar i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 ([26]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(27) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1159 ón gCoimisiún an 5 Lúnasa 2020 lena leasaítear Rialacháin (AE) 1321/2014 agus (AE) Uimh. 2015/640 a mhéid a bhaineann le ceanglais aeracmhainneachta breise nua a thabhairt isteach ([27]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(28) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1176 ón gCoimisiún an 7 Lúnasa 2020 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1387 a mhéid a bhaineann le dátaí cur i bhfeidhm beart áirithe a chur siar i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 ([28]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(29) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2153 ón gCoimisiún aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 319/2014 ón gCoimisiún ([29]), atá ionchorpraithe i gComhaontú LEE agus atá le haisghairm, dá réir sin, faoi Chomhaontú LEE.

(30) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

([19]) IO L 327, 17.12.2019, lch. 36.
([20]) IO L 43, 17.2.2020, lch. 72.
([21]) IO L 56, 27.2.2020, lch. 20.
([22]) IO L 67, 5.3.2020, lch. 34.
([23]) IO L 67, 5.3.2020, lch. 57.
([24]) IO L 67, 5.3.2020, lch. 82.
([25]) IO L 150, 13.5.2020, lch. 1.
([26]) IO L 176, 5.6.2020, lch. 13.
([27]) IO L 257, 6.8.2020, lch. 14.
([28]) IO L 259, 10.8.2020, lch. 10.
([29]) IO L 93, 28.3.2014, lch. 58.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Comhaontú LEE, leasófar í mar a leanas:

1. Cuirtear na fleasca seo a leanas isteach i bpointe 66ne (Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011 ón gCoimisiún):

'- **32018 R 1974**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1974 ón gCoimisiún an 14 Nollaig 2018 (IO L 326, 20.12.2018, lch. 1),

- **32019 R 0027**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/27 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2018 (IO L 8, 10.1.2019, lch. 1),

- **32019 R 0430**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/430 ón gCoimisiún an 18 Márta 2019 (IO L 75, 19.3.2019, lch. 66),

- **32019 R 1747**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1747 ón gCoimisiún an 15 Deireadh Fómhair 2019 (IO L 268, 22.10.2019, lch. 23),

- **32020 R 0359**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/359 ón gCoimisiún an 4 Márta 2020 (IO L 67, 5.3.2020, lch. 82),

- **32020 R 0723**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/723 ón gCoimisiún an 4 Márta 2020 (IO L 170, 2.6.2020, lch. 1).'

2. Cuirtear na fleasca agus an fho-fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 66nf (Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 ón gCoimisiún):

'- **32018 R 1975**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1975 ón gCoimisiún an 14 Nollaig 2018 (IO L 326, 20.12.2018, lch. 53),

- **32019 R 1384**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1384 ón gCoimisiún an 24 Iúil 2019 (IO L 228, 4.9.2019, lch. 106), arna cheartú le IO L 230, 6.9.2019, lch. 10,

- **32019 R 1387**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1387 ón gCoimisiún an 1 Lúnasa 2019, IO L 229, 5.9.2019, lch. 1, arna leasú le:

— **32020 R 1176**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1176 ón gCoimisiún an 7 Lúnasa 2020 (IO L 259, 10.8.2020, lch. 10).'

3. Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 66nh (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 139/2014 ón gCoimisiún):

'- **32020 R 1234**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1234 ón gCoimisiún an 9 Meitheamh 2020 (IO L 282, 31.8.2020, lch. 1).'

4. Cuirtear an méid seo a leanas isteach i bpointe 66ni (Rialachán (AE) 2015/640 ón gCoimisiún):

', arna leasú le:

— **32019 R 0133**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/133 ón gCoimisiún an 28 Eanáir 2019 (IO L 25, 29.1.2019, lch. 14),

— **32020 R 1159**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1159 ón gCoimisiún an 5 Lúnasa 2020 (IO L 257, 6.8.2020, lch. 14).'

5. Cuirtear an méid seo a leanas isteach i bpointe 66nk (Rialachán (AE) 2018/395 ón gCoimisiún):

', arna leasú le:

— **32020 R 0357**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/357 ón gCoimisiún an 4 Márta 2020 (IO L 67, 5.3.2020, lch. 34).'

6. Cuirtear na fleasca seo a leanas isteach i bpointe 66p (Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 ón gCoimisiún):

'- **32019 R 0897**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/897 ón gCoimisiún an 12 Márta 2019 (IO L 144, 3.6.2019, lch. 1),

- **32020 R 0570**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/570 ón gCoimisiún an 28 Eanáir 2020 (IO L 132, 27.4.2020, lch. 1).'

7. Cuirtear na fleasca seo a leanas isteach i bpointe 66q (Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 ón gCoimisiún):

'- **32019 R 1383**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1383 ón gCoimisiún an 8 Iúil 2019 (IO L 228, 4.9.2019, lch. 1),

- **32019 R 1384**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1384 ón gCoimisiún an 24 Iúil 2019 (IO L 228, 4.9.2019, lch. 106), arna cheartú le IO L 230, 6.9.2019, lch. 10,

- **32020 R 0270**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/270 ón gCoimisiún an 25 Feabhra 2020 (IO L 56, 27.2.2020, lch. 20),

- **32020 R 1159**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1159 ón gCoimisiún an 5 Lúnasa 2020 (IO L 257, 6.8.2020, lch. 14).'

8. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs i bpointe 66s (Rialachán (AE) Uimh. 319/2014 ón gCoimisiún):

'**32019 R 2153**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2153 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2019 maidir leis na táillí agus na muirir a thoibhíonn Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 319/2014 (IO L 327, 17.12.2019, lch. 36).

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, tá forálacha an Rialacháin oiriúnaithe mar a leanas:

Cuirfear an mhír seo a leanas le hAirteagal 3(6):

'Na forálacha tiomnaithe sin a bhaineann leis na táillí ar chúraimí deimhniúcháin a dhéantar i gcomhthéacs comhaontaithe dhéthaobhaigh idir an tAontas agus tríú tír, déanfar iad a mhacasamhlú sna comhaontuithe déthaobhacha a fhéadfaidh Stát de chuid CSTE a thabhairt i gcrích leis na tíortha céanna a bhfuil comhaontú ag an Aontas leo cheana féin."

9. Cuirtear na fleasca seo a leanas isteach i bpointe 66wg (Rialachán (CE) Uimh. 29/2009 ón gCoimisiún):

'— **32019 R 1170**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1170 ón gCoimisiún an 8 Iúil 2019 (IO L 183, 9.7.2019, lch. 6),

— **32020 R 0208**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/208 ón gCoimisiún an 14 Feabhra 2020 (IO L 43, 17.2.2020, lch. 72).'

10. Cuirtear an méid seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 66zb (Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle):

'66zba. **32018 R 1976**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1976 ón gCoimisiún an 14 Nollaig 2018 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe le haghaidh oibriú seoleitleán de bhun Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 326, 20.12.2018, lch. 64), arna leasú le:

— **32020 R 0358**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/358 ón gCoimisiún an 4 Márta 2020 (IO L 67, 5.3.2020, lch. 57).

66zbb. **32019 R 0945**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/945 ón gCoimisiún an 12 Márta 2019 maidir le córais aerárthaí gan foireann agus maidir le hoibreoirí tríú tír de chórais aerárthaí gan foireann, (IO L 152, 11.6.2019, lch. 1), arna leasú le:

— **32020 R 1058**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1058 ón gCoimisiún an 27 Aibreán 2020 (IO L 232, 20.7.2020, lch. 1).

66zbc. **32019 R 0947**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/947 ón gCoimisiún an 24 Bealtaine 2019 maidir leis na rialacha agus na nósanna imeachta le haghaidh oibriú aerárthaí gan foireann (IO L 152, 11.6.2019, lch. 45), arna leasú le:

— **32020 R 0639**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/639 ón gCoimisiún an 12 Bealtaine 2020 (IO L 150, 13.5.2020, lch. 1),

— **32020 R 0746**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/746 ón gCoimisiún an 4 Meitheamh 2020 (IO L 176, 5.6.2020, lch. 13).

66zbd. **32020 R 0723**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/723 ón gCoimisiún an 4 Márta 2020 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le deimhniú píolótaí tríú tír a ghlacadh agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011 (IO L 170, 2.6.2020, lch. 1).'

*Airteagal 2*

Is téacsanna barántúla iad téacsanna Rialacháin Tharmligthe (AE) 2019/897, (AE) 2019/945, (AE) 2020/570, (AE) 2020/723, (AE) 2020/1058 agus (AE) 2020/1234, agus Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1974, (AE) 2018/1975, (AE) 2018/1976, (AE) 2019/27, (AE) 2019/133, (AE) 2019/430, (AE) 2019/947, (AE) 2019/1170, (AE) 2019/1383, (AE) 2019/1384, arna cheartú le IO L 230, 6.9.2019, lch. 10, (AE) 2019/1387, (AE) 2019/1747, (AE) 2019/2153, (AE) 2020/208, (AE) 2020/270, (AE) 2020/357, (AE) 2020/358, (AE) 2020/359, (AE) 2020/639, (AE) 2020/746, (AE) 2020/1159 agus (AE) 2020/1176, san Íoslainnis agus san Ioruais, atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 29 Aibreán 2023, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *, nó ar lá theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 114/2023 ó Chomhchoiste LEE an 28 Aibreán 2023 ([30]), cibé acu is déanaí.

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Aibreán 2023.

*Thar ceann Chomhchoiste an LEE*
*An tUachtarán*
Nicolas VON LINGEN

* Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.
([30]) IO L, 2023/2294, 9.11.2023, ELI: http//data.europa.eu/eli/dec/2023/2294/oj.